**An Bord Pleanála**

**Dréacht-chinneadh á Fhógairt**

**Comhairle Contae Fhine Gall**

**Iarratas curtha isteach: 18ú Nollaig 2020**

**Achomharc curtha isteach chuig an mBord: 24 Lúnasa 2022**

**Uimhir Thagartha Chlár Pleanála Chomhairle Contae Fhine Gall: F20A/0668**

**Uimhir Thagartha Achomhairc an Bhoird Phleanála: ABP-314485-22**

Tá dréacht-chinneadh déanta ag an mBord Pleanála faoi alt 37R den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) maidir le hachomhairc a rinneadh chuig an mBord Pleanála i gcoinne an chinnidh a rinne Comhairle Contae Fhine Gall an 8 Lúnasa 2022, ar a bhfuil an uimhir thagartha pleanála thuas, inar cinneadh cead a thabhairt le coinníollacha do DAA plc do thogra a bhfuil cur síos air san iarratas bunaidh a cuireadh isteach an 18 Nollaig 2020 mar seo a leanas:

**Forbairt bheartaithe ina gcuimsítear 'gníomh ábhartha' a dhéanamh de réir bhrí alt 34C den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath, sna bailte fearainn seo a leanas: Baile Choilín, Tobar Buine, an Choimín, Clochrán, an Chorrbhaile, Coltraí, Port Mhaológ, Baile Anraí, Cnoc na Seangán, Cnoc an Ghainimh, Baile an Huntaigh, Baile an Phiocóidigh, Dún Bró, Ceann an Mhuilinn, Baile an Rí, Baile an Bhearbóraigh, an Fhoraois Mhór, an Fhoraois Bheag agus an Charraig ar shuíomh c. 580 heicteár**

**Baineann an gníomh ábhartha atá beartaithe le húsáid oíche an chórais rúidbhealaigh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is éard atá i gceist leasú ar an srian oibriúcháin atá leagtha amach i gcoinníoll uimh. 3(d) agus athsholáthar an tsriain oibriúcháin i gcoinníoll uimh. 5 de chead pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh (Uimh. Thag. Chlár Chomhairle Contae Fhine Gall F04A/1755; Uimh. Thag. ABP PL06F.217429 arna leasú ag Uimh. Thag. Chlár Chomhairle Contae Fhine Gall, Uimh. Thag. ABP-305289-19), chomh maith le bearta nua maolaithe torainn a mholadh. Níl coinníollacha uimhreacha 3(d) agus 5 tagtha i bhfeidhm go fóill, toisc go bhfuil tógáil an Rúidbhealaigh Thuaidh de bhun chead pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh ar siúl i gcónaí. Is é an beart ábhartha atá beartaithe, má cheadaítear é, deireadh a chur leis an teorainn uimhriúil ar líon na n-eitiltí a cheadaítear idir na huaireanta 11 i.n. agus 7 r.n. gach lá atá le teacht i bhfeidhm de réir chead pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh agus cuóta bliantúil torainn oíche idir na huaireanta 11.30 i.n. agus 6:00 r.n. a chur i bhfeidhm ina áit sin, agus freisin ligean d'eitiltí éirí den Rúidbhealach Thuaidh agus/nó tuirlingt air (Rúidbhealach 10L 28R) ar feadh 2 uair sa bhreis .i. 2300 uair an chloig go 2400 uair an chloig agus 0600 uair an chloig go 0700 uair an chloig. Ar an iomlán, cheadódh sé seo méadú ar líon na n-eitiltí ag éirí de thalamh agus/nó ag tuirlingt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath idir 2300 uair an chloig agus 0700 uair an chloig sa bhreis ar an líon a leagtar síos i gcoinníoll uimh. 5 den chead pleanála don Rúidbhealach Thuaidh, i gcomhréir leis an gcuóta bliantúil torainn oíche.**

**Is é an gníomh ábhartha de bhun alt 34C(1)(a): Coinníoll uimh. 3(d) de chead pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh (Uimh.Thag. Chlár Chomhairle Contae Fhine Gall F04A/1755 a leasú; Uimh. Thag. ABP: PL06F.217429 arna leasú ag Uimh. Thag. Chlár Chomhairle Contae Fhine Gall F19A/0023, Uimh. Thag. ABP-305289-19). Luaitear an méid seo a leanas i gCoinníoll 3(d) agus sna heisceachtaí ag deireadh Choinníoll 3: "3(d). Ní úsáidfear Rúidbhealach 10L-28R le haghaidh éirí de thalamh nó tuirlingthe idir 2300 uair an chloig agus 0700 uair an chloig ach amháin i gcásanna sábháilteachta, cúinsí cothabhála, dálaí eisceachtúla aerthráchta, drochaimsire, lochtanna teicniúla i gcórais rialaithe aerthráchta nó éigeandálaí dearbhaithe ag aerfoirt eile." Tá cead á lorg chun an**

**coinníoll thuas a leasú ionas go léifidh sé: “Ní úsáidfear Rúidbhealach 10L-28R le haghaidh éirí de thalamh nó tuirlingthe idir 0000 uair an chloig agus 0559 uair an chloig ach amháin i gcásanna sábháilteachta, cúinsí cothabhála, dálaí eisceachtúla aerthráchta, drochaimsire, lochtanna teicniúla i gcórais rialaithe aerthráchta nó éigeandálaí dearbhaithe ag aerfoirt eile nó i gcásanna ina bhfuil gá le fad Rúidbhealaigh 10L-28R le haghaidh cineál aerárthaigh ar leith.” D’athródh glanéifeacht an athraithe bheartaithe, dá gceadófaí é, gnáthuaireanta oibriúcháin an Rúidbhealaigh Thuaidh ó 0700 uair an chloig go 2300 uair an chloig go 0600 uair an chloig go 0000 uair an chloig. I gceist leis an ngníomh ábhartha freisin tá: Coinníoll uimh. 5 de chead pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh (Uimh. Thag Chlár Chomhairle Contae Fhine Gall F04A/1755 a bhaint; Uimh. Thag. ABP: PL06F.217429 arna leasú ag Uimh. Thag. Chlár Chomhairle Contae Fhine Gall F19A/0023, Uimh. Thag. ABP-305289-19) ina bhforáiltear mar a leanas: “5. Ar chríochnú na tógála ar an rúidbhealach a cheadaítear leis seo, ní sháróidh meánlíon gluaiseachtaí aerárthaí oíche ag an aerfort 65 in aghaidh na hoíche (idir 2300 uair an chloig agus 0700 uair an chloig) nuair a thomhaistear é ó thús deireadh na tréimhse samhaltaithe 92 lá mar atá leagtha amach sa fhreagra ar an iarratas ar fhaisnéis bhreise a fuair an Bord Pleanála ar an 5ú lá de Mhárta, 2007. An chúis: Rialú a dhéanamh ar mhinicíocht eitiltí oíche ag an aerfort chun taitneamhacht chónaithe a chosaint ag féachaint don fhaisnéis a cuireadh isteach maidir le húsáid oíche an rúidbhealaigh chomhthreomhair atá ann cheana féin amach anseo”. Agus an méid seo a leanas a chur ina áit: Tá córas cuóta torainn molta do thorann oíche ag an aerfort. Beidh an t-aerfort faoi réir cuóta bliantúil torainn 7990 idir na huaireanta 2330 agus 0600 uair an chloig. I dteannta an chuóta torainn oíche atá beartaithe, moltar leis an ngníomh ábhartha na bearta maolaithe torainn seo a leanas: - Scéim deontais inslithe torainn le haghaidh teaghaisí incháilithe laistigh de chomhrianta sonracha torainn oíche; - Creat Faireacháin Torainn mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht torainn agus tuairisceofar na torthaí go bliantúil don Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (ANCA), i gcomhréir leis an Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019. Ní lorgaítear leis an ngníomh ábhartha molta aon leasú ar choinníollacha chead pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh a rialaíonn oibriú ginearálta an chórais rúidbhealaigh (i.e., coinníollacha nach mbaineann go sonrach le húsáid oíche, eadhon coinníollacha uimh. 3(a), 3(b), 3(c) agus 4 de chead pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh) nó aon leasú ar acmhainn bhliantúil ceadaithe paisinéirí na gcríochfort ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Foráiltear i gcoinníoll uimh. 3 de chead pleanála Chríochfort 2 (Uimh. Thag. Chlár Chomhairle Contae Fhine Gall F04A/1755; Uimh. Thag ABP PL06F.220670) agus coinníoll uimh. 2 den chead pleanála do shíneadh Chríochfort 1 (Uimh. Thag. Chlár Chomhairle Contae Fhine Gall F06A/1843; Uimh. Thag. ABP.PL06F.223469) nach sáróidh acmhainn chomhcheangailte Chríochfort 1 agus Chríochfort 2 le chéile 32 milliún paisinéir in aghaidh na bliana. Beidh an t-iarratas pleanála faoi réir measúnaithe ag an Údarás Inniúil um Thorann Aerárthach de réir an Achta um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019 agus Rialachán (AE) Uimh. 598/2014. Ag gabháil leis an iarratas pleanála tá faisnéis a cuireadh ar fáil chun críocha an mheasúnaithe sin. Cuirfear Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta isteach leis an iarratas pleanála. Féadfar an t-iarratas pleanála agus an Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta a iniúchadh nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ag oifigí an údaráis phleanála le linn a n-uaireanta oscailte poiblí 9.30 - 16.30 (Luan - Aoine) ag Comhairle Fhine Gall, Halla an Chontae, An tSráid Mhór, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath.**

Léirítear i ndréacht-chinneadh an Bhoird Pleanála go bhfuil an Bord Pleanála ag smaoineamh ar bhearta maolaithe torainn agus srianta oibriúcháin a ghlacadh nach raibh ina n-ábhar comhairliúcháin roimhe seo idir an t-údarás pleanála áitiúil agus an t-údarás inniúil faoin Rialachán um Thorann Aerárthaí.

I gcúinsí den sórt sin, ní mór don Bhord Pleanála a dhréacht-chinneadh a fhoilsiú anois agus aighneachtaí nó tuairimí ina leith a iarraidh lena mbreithniú sula dtéann sé ar aghaidh le cinneadh deiridh a dhéanamh ar an gcás.

Féadfar an dréacht-chinneadh agus an tuarascáil ghaolmhar a iniúchadh agus/nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach chun cóip a dhéanamh in oifigí an Bhoird Phleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 agus/nó ag oifigí Chomhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, An Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2.

Is féidir an dréacht-chinneadh agus an tuarascáil ghaolmhar a fheiceáil/íoslódáil freisin ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: https://www.pleanala.ie/en-ie/case/314485

Féadfaidh aon duine aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn a dhéanamh chuig an mBord maidir leis an dréacht-chinneadh agus an tuarascáil ghaolmhar **ar an 23 Nollaig 2024 nó roimhe.**

Ní mór táille reachtúil €50.00 a bheith ag gabháil le haon mhisin nó tuairimí den sórt sin, ach amháin más comhlachtaí forordaithe áirithe nó rannpháirtithe reatha a dhéanann na haighneachtaí nó na tuairimí, agus ba chóir iad a sheoladh chuig an Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902, trí ríomhphost chuig appeals@pleanala.ie nó trínár dtairseach ar líne do thuairimí ar láithreán gréasáin an Bhoird ag www.pleanala.ie.

Ar an 17ú Meán Fómhair 2024 a foilsíodh an fógra seo.